

Maoinithe ag an Músaem Réigiúnach
Scéim na dTaispeántas 2024



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

CAVAN COUNTY MUSEUM

Cead Isteach

Daoine fásta €6

Seanóirí €4

Ticéad don Teaghlach €14

Leanaí €4

Uaireanta oscailte

Dé Máirt, Dé Céadaoin, Déardaoin,
Dé hAoine agus Dé Sathairn idir 10am - 5pm

Dúnta Dé Domhnaigh agus Dé Luain

Grúpaí

Chun áirithint do ghrúpa a dhéanamh, déan
teagmháil leis an músaem ar an nguthán nó trí
ríomhphost.

Is féidir sólaistí a eagrú do ghrúpaí
ar chostas breise.

Ceannairí grúpa - saor
in aisce!



LEAN SINN



Cavan County Museum



@cavancountymuseum



@cavanmuseum




DÉAN TEAGMHÁIL LINN

Músaem Contae an Chabháin, Bóthar
Achadh an Iúir, Baile Shéamais Dhuibh,
Contae an Chabháin, A82 YP70

+353-(0)49-8544070

info@cavanmuseum.ie

www.cavanmuseum.ie



MÚSAEM CONTAE AN CHABHÁIN

Súil siar tríd an Stair



Clach Choillidh Chlogáin

FÚINN

Déanann Músaem Contae an Chabháin oidhreacht shaibhir chultúrtha agus stairiúil Chontae an Chabháin agus na gceantar máguaird a chaomhnú agus a chur ar taispeáint.

Clochar na gCláiríní a bhí ann ar dtús, agus tá tábhacht stairiúil ag baint le foirgneamh an mhúsaeim féin, a théann siar go 1883 agus a choinníonn go leor gnéithe ailtireachta ón ré sin. Osclaíodh an músaem i mí an Mheithimh 1996 agus tá taispeántais ann a chlúdaíonn níos mó ná 7,000 bliain staire.

Tugann tailte an mhúsaeim spás do chuariteoirí machnamh a dhéanamh inár nGairdín Síochána, ar ár dtaispeántas tumthach 1916 agus ar Thaithí Trinse an Chéad Chogaidh Dhomhanda a bhuaigh duaiseanna, atógáil dílis atá bunaithe ar an lámhleabhar a d'úsáid Gardaí na hÉireann agus Fiúsailéirí Ríoga na hÉireann ag an Somme.

SÁITE SA STAIR

Cuireann ár dtaispeántais turas mealltach ar fáil do chuariteoirí sa ré sin ón gClochaois, trí Bhréifne meánaoiseach agus Aois an Iarnróid sa Chabhán, go dtí an 20ú hAois.

Maidir leis na sárthaispeántais cosúil le Clach Choillidh Chlogáin agus Bád Loch Oirill, téann siad siar na mílte bliain.

I measc na dtaispeántas ársa eile tá cinn tua Neoliteacha, airm ón Gcré-umhaois, seodra meánaoiseach agus Síle na gCíoch, snoíodóireacht chloiche atá sáite i rúndiamhair agus siombalachas.

Músaem na Rudaí Briste



Trinse Macasamhlach ón gCéad Chogadh Domhanda

SCÉALTA A ROINNT

Déanann gailearaithe an mhúsaeim iniúchadh ar shaol daoine ón gCabán agus ar shaol daoine a bhain leis.

I measc na scéalta tá an Gorta Mór, eisimirce ón gCabán le breis agus 150 bliain, stair theaghlaigh na dTiarnaí Farnham, Percy French, Scéal na Siúracha, litreacha abhaile ón bhfronta sa Chéad Chogadh Domhanda agus gailearaithe CLG agus Camógaíochta.

Tugann bailiúcháin ar nós Chnuasach Theach na Muc, Ghailearaí Bhéaloideas Éireann agus Músaem na Rudaí Briste a ndearcadh uathúil féin ar shaol an Chabháin i ré níos nua-aimseartha.